



**An 9 Meán Fómhair 2018**  
**Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce**

**[www.phoenixpark.ie](http://www.phoenixpark.ie)**  
**Tel: 01-8205800**



@phoenixparkopw



facebook/thephoenixpark



## Fáilte romhat...

Cúis áthais do Chónaidhm Cumann Beachairí na hÉireann a bheith ag obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) maidir lena dTaispeántas Meala Bliantúil i bPáirc an Fhionnuisce. Tá Páirc an Fhionnuisce suite i gcroílár Bhaile Átha Cliath agus is sampla iontach é de conas is féidir an dúlra a bheith fite fuaite sa timpeallacht uirbeach. Bíonn an-phlé ar siúl sa lá atá inniu ann ar an mbitheagsúlacht agus ar a thábhachtaí is atá sí ó thaobh na timpeallachta, an aeráid, an tsláinte, an eacnamaíocht agus folláine phearsanta. Tá beacha ina gcuid lárnach de bhithéagsúlacht na tíre seo. Táimid bródúil as an obair atá déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá á déanamh acu i gcónaí chun ár mbeacha a chur chun cinn. Tugtar le chéile sa comórtas seó meala na gnéithe éagsúla go léir a bhaineann le ceardaíocht na mbeachairí agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le beachaireacht. Ba cheart gur lá lán de spreagadh is de spraoi a bheith ann agus go mbeidh sé oiriúnach do gach duine idir óg agus aosta. Cuirfidh sé deis ar fáil chun bualadh le beachairí agus foghlaim faoi na beacha. Caiithfidh tú cuairt a thabhairt ar an seó!

### Gerry Ryan,

Uachtarán Chónaidhm Cumann Beachairí na hÉireann

Déanann beacha obair thábhachtach maidir le caomhnú na bithéagsúlachta i bPáirc an Fhionnuisce agus sna ceantair máguaird. Is mór an buntáiste ag flóra na Páirce an chaoi a bhfuil breis agus 17 gcoirceog scaipthe ar fud na Páirce agus iad á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe ag garraíodóirí Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP).

Is iad na beacha a dhéanann pailniú ar níos mó ná 70% den 100 barr sin a chuireann 90% de bhia an domhain ar fáil. Bhuaigh foireann an OOP an iliomad dámhachtainí meala náisiúnta agus idirnáisiúnta le sé bliana anuas.

Cuirtear ceardlanna oideachais agus cainteanna faoi bheacaireacht agus faoi gharraíodóireacht a thacaíonn le beacha ar fáil do ghrúpaí scoile agus do dhreamanna ar spéis leo a leithéid. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as ár 4ú Taispeántas Bliantúil Meala i bPáirc an Fhionnuisce agus guímid gach rath ar na hiomaitheoirí go léir.

### Margaret Gormley,

Príomhstíúrthóir na Páirce,  
Oifig na nOibreacha Poiblí.

### Na Breithiúna:

Jim Fletcher  
Micheál MacGiolla Coda  
John Donoghue  
Redmond Williams  
Paul Boyle

### Rúnaí an Taispeántais Meala:

Meeda Downey  
Teileafón: 01-8205800  
Ríomhphost: meeda.downey@opw.ie

Cur i láthair na dTaispeántán ó 8am go 10am Dé Domhnaigh an 9 Meán Fómhair.  
Tosófar ag meas na dtaispeántán ag 10.15am.  
Bronnadh na nDuaiseanna 4.00 pm

### Léachtaí & Turais:

#### Bithéagsúlacht agus Turais Ghairneoireachta an Ghairdín Mhúrtha

11am, 1pm, 2pm - An Gairdín Múrtha, Brian Quinn, Cathy Savage, Leif Barry, OOP

#### Turais ar Chaisleán Bhaile an Ásaigh

12pm, 2pm, 4pm - Caisleán Bhaile an Ásaigh, Margaret McGuirk

#### "Bumbóga, Beacha Gabhair, Beacha Meala, Pailneoirí den Scoth"

12pm An Léachtlann - Peter Cuthbert, BSc Agr (Hort) Comhairleoir Comhshaoil

#### "Sean-Dlí Beacaireachta na hÉireann san 7ú hAois"

1pm - An Léachtlann, an tOllamh Fergus Kelly, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

#### "Garraíodóireacht Victoiriach"

2pm - An Léachtlann - Beth Ann Kavanagh, treoraí an OOP, Páirc an Fhionnuisce

#### "A chinntiú go dtacóidh gairdíní níos mo le beacha"

3pm - An Léachtlann - Peter Whyte BSc Agr (Hort),  
Comhairleoir Tírdhreacha agus Gairdíní

### Do na daoine beaga:

#### Gníomhaíochtaí don teaghlach agus a lán, lán eile i rith an lae...

*Lena chois sin tabhair cuairt ar ár gcairde ag an taispeántas:  
Comhairle Crann na hÉireann, Cairde Éanlaith Éireann, Iontaobhas  
Fiadhúlra na hÉireann agus Cumann Sábhála Síolta Éireann*

***Fáilte roimh chách chuig an Imeacht Saor in Aisce seo!***



## Rialacha & Rialacháin

1. Ní mór na taispeántáin a thabhairt go hIonad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, Diméin Bhaile an Ásaigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 ar an Domhnach an 9 Meán Fómhair 2018 idir 8.00 a.m. agus 10.00 a.m. Tosófar ag meas na dtaispeántán ag 10.15 a.m.
2. Ní féidir aon taispeántán a iontráil i níos mó ná aicme amháin.
3. Ní bheidh taispeántóir i dteideal níos mó ná duais amháin a fháil in aon aicme faoi leith.
4. Beidh cinneadh an bhreithimh (na mbreithiúna) críochnaitheach.
5. Gabhann na breithiúna an ceart chucu féin gan na duaiseanna go léir ná aon cheann de na duaiseanna a bhronnadh in aicme ar bith.
6. Beidh cinneadh choiste an taispeántais críochnaitheach maidir le rudaí a bhaineann leis an taispeántas (ach amháin cúrsaí moltóireachta).
7. Ní ceadmhach aon lipéad ná aon mharc idirdhealaitheach a chur ar aon taispeántán ach amháin i gcás aicme a dó dhéag.  
Déanfar na huimhreacha a chuireann rúnaí an taispeántais ar fáil a chur thart faoi 12.5 mm ó bhun na bprócaí. Maidir le frámaí agus céir bheach, déanfar uimhir amháin a ghreamú den taispeántán, agus an ceann eile den choimeádán.
8. Is féidir céir a thaispeáint snasta nó gan snas de réir mar a thograíonn an taispeántóir.
9. Déanfar iontrálacha a scríobh ar an bhfoirm a chuirfear ar fáil agus ní mór iad a chur ar aghaidh chuig Rúnaí an Taispeántais Meeda Downey Uasal, Oifig na nOibreacha Poiblí, Na Goirt Bhána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 roimh an Aoine an 7 Meán Fómhair.  
Ní mór gach iontráil eile a bheith ag Rúnaí an Taispeántais roimh 9am lá an Taispeántais.
10. Ní mór mil úsctha a thaispeáint i bprócaí neamhmhaisithe 340g nó 454g ar a bhfuil scríúchlaibín nó caschlaibín laiceairithe simplí óir.  
Ceadáitear claibíní Chónaidhm Cumann Beachairí na hÉireann.
11. Ní mór meá a iontráil i mbuidéil déanta de ghloine thrédhearcach gan dath ná litreacha ná cuislí ná maisiú orthu.  
Glacfar le buidéal a bhfuil tóin leibhéalta nó tóin ardaithe fúthu. Ní mór buidéal a bheith corcáilte le stopalláin feire sa chaoi gur féidir iad a bhaint gan leas a bhaint as gléas meicniúil. Ní mór do thaispeántóirí sna haicmí sin a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.
12. Ní mór gach mil agus céir a thaispeánfar a bheith ina dtáirgí bona fide de chuid beacha an taispeántóra féin.
13. Is féidir leis an té a bhuann trófaí é a choimeád sé go dtí an chéad bhliain eile, nuair nach mór é a thabhairt ar ais do Rúnaí an Taispeántais agus é glanta, snasta agus dea-bhail air. Fanfaidh gach trófaí buan ina mhaoin de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Má chailtear aon trófaí nó má dhéantar damáiste dó nuair a bheidh sé i seilbh an bhuaiteora beidh ar a leithéid de bhuaiteoir íoc as costas an deisiúcháin.
14. Aicme na dTosaitheoirí. Próca amháin 340g nó 454g nó teascóg amháin. Tá sé seo oscailte d'iomaitheoirí nár bhuaigh an chéad duais in aon aicme riamh ag aon taispeántas meala.
15. Ní féidir iontrálacha a thabhairt chun siúil go dtí go mbeidh searmanas bronnta na nduaiseanna thart.
16. Níl aon táille iontrála riachtanach.

## Aicme

1. Dhá Theascóg (Bláthanna nó Fraoigh)... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
2. Dhá Ghabhdán de Mhil Chíre Ghearrtha ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
3. Fráma Amháin de Mhil Chíre (oiriúnach lena húscadh) ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid agus an tríú duais: Bonn Cré-umha.
4. Fráma Amháin de Mhil Fhaoigh... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
5. Dhá Phróca de Mhil Gheal ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
6. Dhá Phróca de Mhil Mheánach ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
7. Dhá Phróca de Mhil Dhorcha ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
8. Dhá Phróca de Mhil Ghambach ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
9. Dhá Phróca de Mhil Ghránaithe ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.
10. Dhá Phróca de Mhil Choipthe ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
11. Dhá Phróca de Mhil Fhaoigh ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
12. Dhá Phróca Dhéag Meala. Ní mór iad go léir a bheith den chineál céanna agus iad a chur ar taispeáint i bprócaí lena ndíol. Ní mór lipéad de chuid an taispeántóra a bheith ar gach próca. Chomh maith le caighdeán na meala, cuirfidh an Breitheamh tarraingteacht agus mealltacht chun ceannaigh san áireamh freisin.  
**NÍL AON SEASTÁN AG TEASTÁIL.**  
Trófaí Chónaidhm Chumann Bheachairí na hÉireann... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais: Bonn Airgid, an tríú duais: Bonn Cré-umha.
13. Cúig bhloc aon unsa de chéir bheach ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
14. Cáca Meala. Déanta d'ocht n-unsas de phlúr éiritheach, sé unsa de Mhil na hÉireann, ceithre unsa ime nó margairín, dhá ubh agus gráinnín salainn. Bhácáil i stán ciorclach a bheidh idir sé orlach go leith agus seacht n-orchlach go leith ar leithead ...  
An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.
15. Cáca Meala agus Torthaí ann. Déanta d'ocht n-unsas de phlúr éiritheach, sé unsa de Mhil na hÉireann, ceithre unsa ime nó margairín, dhá ubh agus gráinnín salainn. Bhácáil i stán ciorclach a bheidh idir sé orlach go leith agus seacht n-orchlach go leith ar leithead ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.

## AICME

16. Sé Bhriosca Bheaga (déanta d'aon oideas a bhfuil mil san áireamh ann) ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid agus an tríú duais: Bonn Cré-umha.
17. Buidéal Amháin de Mheá Thirim ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
18. Buidéal amháin de Mheá Mhilis ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
19. Trí choinneal mhúnlaith de chéir bheach... An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.
20. Trí choinneal neamh-mhúnlaith de chéir bheach... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.
21. Samhail Amháin de Chéir Bheach, ceadaítear dath a chur ann (Ní ghlactar le coinne) ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
22. Prionta amháin. Daite nó Dubh agus Bán (a bhaineann le beacha, Clóbhualte agus Feistithe, **(Méid Críochnaithe, A4 amháin)** ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
23. Aicme Thaispeántais. Mil, Céir Bheach nó Meá (nó iad araon). Lena chois sin ní miste ábhar maisiúil, céir dhaite bheach agus próca d'aon mhéid nó déanamh atá indíolta a úsáid.  
  
Ní mór cainníocht 5 kg meala ar a laghad a chur ar taispeánt. Ní ceart go sáródh an méid 915mm x 1220mm.  
Ní bhaineann Riail 11 leis seo ... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid agus an tríú duais, Bonn Cré-umha.
24. Aicme na dTosaitheoirí. Trófaí an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta... An chéad duais, Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.

### Ranganna Sóisearacha:

25. Aon phóstaer de mhéid A4, a bhaineann le beacha nó le beachaireacht, teoranta do dhaltá bunscóile...  
An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.
26. Aon phóstaer de mhéid A4, a bhaineann le beacha nó le beachaireacht, teoranta do dhaltá meánscoile...  
An chéad duais: Bonn Óir, an dara duais, Bonn Airgid, an tríú duais, Bonn Cré-umha.

## DÁMHACHTAINÍ SPEISIALTA

- An Taispeántán is Fearr ag an Taispeántas ..... Trófaí Oifig na nOibreacha Poiblí Pháirc an Fhionnuisce
- An Mhil Chíre is Fearr ag an Taispeántas ..... Trófaí Chomhairle Crann na hÉireann
- An Mhil Reatha is Fearr ag an Taispeántas ..... Trófaí Gleeson
- Aicme 12 ..... Trófaí Chónaidhm Cumann Beachairí na hÉireann
- Aicme na dTosaitheoirí ..... Trófaí an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta

Tírdhreach stairiúil a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint léi í Pháirc an Fhionnuisce. Tá 707ha (1752 acra) inti agus tá sí ar cheann de na tírdhreacha iata is mó atá in aon chathair san Eoraip. Bunaíodh í ar dtús mar pháirc fianna Ríoga sa 17ú haois. Ós rud é gurb í sin an pháirc uirbeach is mó i mBaile Átha Cliath, aithnítear gur scamhóg ghlas na cathrach í agus léiríonn an taighde a rinneadh le déanaí na buntáistí móra a chuireann na deiseanna atá ar fáil i bPáirc an Fhionnuisce ar fáil do shláinte agus d'fholláine an phobail. Tá an Pháirc an-tábhachtach ó thaobh na bithéagsúlachta i gCathair Bhaile Átha Cliath agus is acmhainn an-luachmhar í do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do na daoine a thagann ar cuairt chuici. Tá 50% de na speicis mhamacha atá le fáil in Éirinn le fáil inti mar aon le breis agus 40% de na speicis éan agus beach go léir toisc go gcuireann na réimsí fairsinge gnáthóga leathnádúrtha clúdach agus soláthairtí flúirseacha bia ar fáil agus lena chois sin cuireann siad suíomhanna neadaithe ar fáil d'éina. Tá bearta bainisíochta atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar siúl i gcónaí sa Pháirc. Ar na bearta sin tá bainistiú féir ar bhealach íogair a thacaíonn leis an bhfiadhúlra, ligean do chrainn bás a fháil go nádúrtha laistigh de chríosanna caomhnaithe agus gan ach an méid is lú ceimiceán agus leasachán a úsáid agus is féidir. Is é cuspóir foriomlán na hoibre ná bithéagsúlacht Pháirc an Fhionnuisce a chaomhnú agus a chothú anois agus san am atá le teacht, na speicis agus na gnáthóga tábhachtacha a chosaint agus a fheabhsú, gnáthóga luachmhara fiadhúlra a athchruthú agus speicis oiriúnacha a thabhairt isteach chun cur le bithéagsúlacht na páirce agus a gnáthóga.



### Sliocht as - Plean Bainisíochta agus Caomhnaithe Pháirc an Fhionnuisce

#### Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce agus Caisleán Bhaile an Ásaigh

Taispeántas bríomhar, siamsaíochta ar stair agus fiadhúlra Pháirc an Fhionnuisce. Is féidir leis an gcuairteoir taitneamh a bhaint anseo as léirmhíniú stairiúil ar an bpáirc ó 3500 RCh go dtí an lá atá inniu ann. Is féidir dul ar thuas chuig Áras an Uachtaráin, an Dún Armthaisce, Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin agus Caisleán Bhaile an Ásaigh agus bíonn siúlóidí agus cainteanna seachtainiúla ann freisin.

Ar oscailt gach lá ó 9.30am go 5.30pm ó cheann ceann na bliana. An cead isteach deireanach ag 5.00pm.

Le haghaidh tuilleadh eolais glaoigh ar: 01 - 6770095  
Ríomhphost: phoenixparkvisitorcentre@opw.ie  
An tIdirlíon: www.phoenixpark.ie



@phoenixparkopw



facebook/thephoenixpark





**OPW**

Oifig na nOibreacha Poiblí  
*The Office of Public Works*

